



Fógra Breise do Chónaitheoirí an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) agus na hEilvéise
Tá cearta breise ag cónaitheoirí an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus na hEilvéise maidir le
cosaint sonraí agus fógra, mar atá leagtha síos agus mínithe anseo. <6>Beidh an brí chéanna ag
focail a bhfuil ceannlitir orthu san Fhógra Breise seo agus atá i [bPolasaí Príobháideachais Qualcomm](#).
Chomh maith leis na cearta agus na fógraí a mhínítear i [bPolasaí Príobháideachais Qualcomm](#),
bainfidh na rudaí seo a leanas le cónaitheoirí an LEE agus na hEilvéise:

1. **Rialaitheoir agus ionadaí AE.** Mura dtugtar a mhalairt le fios, le haghaidh cuspóirí
Pholasaí Príobháideachais Qualcomm, is é Qualcomm Incorporated, 5775 Morehouse
Drive, San Diego, California, S.A.M., 92121 an rialaitheoir sonraí. Is é QT Technologies
Ireland Limited ionadaí Qualcomm Incorporated san Aontas Eorpach. Is é oifig cláraithe
QT Technologies Ireland Limited ná 9 Plás an Mhalartáin, an Lárionad Seirbhísí
Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1, Éire.
2. **Oifigeach Cosanta Sonraí** Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach/Oifigigh Cosanta
Sonraí i gcomhair an LEE agus na hEilvéise de chuid Qualcomm trí ríomhphost a
sheoladh chuig: dpo.eea@qualcomm.com.
3. **Cuspóir agus Bunús Dlí.** Leagtar síos na cuspóirí dá bpróiseálann Qualcomm sonraí pearsanta
i [bPolasaí Príobháideachais Qualcomm Incorporated](#). I gcás go dtugann tú do shonraí
pearsanta dúinn chun clárú ar ár suíomh nó le haghaidh seirbhíse, chun faisnéis a
iarraidh, nó chun táirge nó seirbhís a ordú, is é bunús dlí le haghaidh próiseála sonraí
den sórt sin ná comhlíonadh conartha. I gcás go mbailimid sonraí maidir le húsáid ár
Suíomh nó Seirbhísí, is é bunús dlí le haghaidh próiseála sonraí den sórt sin ná na leasa
dlisteanacha atá againn maidir lenár ngnó, Suíomh agus Seirbhísí a riar, a fheabhsú
agus a chosaint. I gcás go dtugann tú do shonraí pearsanta dúinn go toilteanach chun
críche sonraithe, agus/nó go n-aontaíonn tú go mbainfear úsáid as do shonraí chun
críche sonraithe, is é an bunús dlí le haghaidh próiseála sonraí den sórt sin ná toiliú le
conradh nó comhlíonadh conartha.
4. **Cearta an Ábhair Sonraí.** Tá na cearta breise seo a leanas ag ábhair sonraí (na daoine
lena mbaineann na sonraí pearsanta) sa LEE agus san Eilvéis: [Cliceáil anseo chun na
cearta sin a chleachtadh](#).

- a. An ceart eolas a fháil maidir le próiseáil do chuid sonraí; áirítear leis sin an bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta agus an mheicníocht dhlíthiúil a úsáidimid le haghaidh aistrithe idirnáisiúnta.
- b. An ceart rochtain ar shonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn fút a iarraidh, agus iad a chur i gceart nó a scriosadh más cuí.
- c. An ceart chun cur i gcoinne an phróiseáil a dhéanaimid le do Shonraí Pearsanta nó an phróiseáil sin a shrianadh.
- d. An ceart chun cóip de do Shonraí Pearsanta a fháil i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go minic agus atá meaisín-inléite sna cásanna sin a bhfuil ár bpróiseáil uathoibríoch de do Shonraí Pearsanta bunaithe ar do thoiliú nó ar chonradh atá againn leat.
- e. An ceart chun do thoiliú a tharraingt siar maidir le próiseáil sa todhchaí, i gcás go raibh do thoiliú mar bhunús dlí le haghaidh do Shonraí Pearsanta a phróiseáil.
- f. An ceart agóid a chur isteach in gcoinne aon chinnteoireachta uathoibríoch bunaithe ar do shonraí pearsanta, agus go ndéanfaidh duine daonna na cinntí sin.
- g. Fógra: An ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, ach spreagaimid thú chun dul i dteagmháil linn ar dtús má tá ceisteanna agat nó imní ort trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag [privacy\[at\]qualcomm\[dot\]com](mailto:privacy@qualcomm.com).
- h. Cearta Breise sa Fhrainc: Do chónaitheoirí na Fraince, tá ceart agat treoracha sonracha a sheoladh chugainn maidir le húsáid de do chuid sonraí i ndiaidh do bháis trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag [privacy\[at\]qualcomm\[dot\]com](mailto:privacy@qualcomm.com).